NUI Galway
Students' Union
Comhaltas na Mac Léinn
OÉ Gaillimh

BUNREACHT COMHALTAS NA MAC LÉINN, OÉ GAILLIMH

CONSTITUTION OF NUI GALWAY STUDENTS' UNION

Curtha í bhFeidhm: **12ú Bealtaine 2018**
Implemented: **12th May 2018**

NUI Galway
Students' Union
Comhaltas na Mac Léinn
OÉ Gaillimh

CONSTITUTION OF NUI GALWAY STUDENTS' UNION

1. NAME

The name of the association which shall be governed by this constitution shall be, "Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh", and in English be "NUI Galway Students' Union", hereinafter referred to as "the Union".

2. MISSION

The mission of the Union shall be to represent its members and promote, defend and vindicate the rights of its members at all levels of society.

3. FUNDAMENTAL OBJECTIVES

The objectives of the Union shall be the promotion and furtherance of any matters of interest to the membership and without prejudice to the generality of the foregoing, in particular:

i. To act as the recognised representative body for registered students within the University and to represent their interests.
ii. To provide and manage social, recreational and commercial services for the members of the Union.
iii. To promote discussion and research on all matters of interest to members of the Union particularly educational and welfare matters and to communicate these to the Union members.
iv. To promote the unity of the organisation and contact between members through assisting clubs, societies and other student organisations of the students within the University.
v. To promote good relations between students and staff of NUI Galway.
vi. To encourage and pursue the aspiration of fair and equal access to education through Irish or English for all sectors of the Irish people.

4. MEMBERSHIP

All registered students of NUI Galway shall, on payment of the student levy become full members of the Union. All members of the Executive are full members of the Union by virtue of their being elected.

NUI Galway
Students' Union
Comhaltas na Mac Léinn
OÉ Gaillimh

BUNREACHT CHOMHALTAS NA MAC LÉINN, OÉ GAILLIMH

1. AINM

Is é ainm an chomhlachta a bheidh rialaithe ag an mBunreacht seo "Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh", nó "NUI Galway Students' Union" i mBéarla, ar a dtabharfar "an Comhaltas" anseo ina dhiaidh seo.

2. MISEAN

Is é misean an Chomhaltais ionadaíocht a dhéanamh dá chuid ball, agus cearta na mball sin a chur chun cinn, a chosaint agus a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal den tsochaí.

3. BUNCHUSPÓIRÍ

Is iad bunchuspóirí an Chomhaltais aon ábhar ina bhfuil leas ag na baill a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh, agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, na nithe seo a leanas go háirithe:

i. Feidhmiú mar chomhlacht ionadaíoch aitheanta do mhic léinn cláraithe laistigh den Ollscoil agus ionadaíocht a dhéanamh lena leas.
ii. Seirbhísí sóisialta, áineasa agus tráchtála a bhainistiú agus a chur ar fáil do bhaill an Chomhaltais.
iii. Plé agus taighde ar gach ábhar ina bhfuil suim ag baill an Chomhaltais a chur chun cinn, ábhair a bhaineann le hoideachas agus leas go háirithe, agus iad sin a chur in iúl do bhaill an Chomhaltais.
iv. Aontacht an Chomhaltais agus teagmháil idir na baill a chur chun cinn trí chúnamh a thabhairt do chlubanna, cumainn agus eagraíochtaí mic léinn eile laistigh den Ollscoil.
v. Dea-chaidreamh a chothú idir foireann agus mic léinn OÉ Gaillimh.
vi. Dícheall a dhéanamh rochtain chóir, chothrom ar an oideachas a spreagadh agus a bhaint amach i ngach uile earnáil de mhuintir na hÉireann trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla.

4. BALLRAÍOCHT

Beidh gach mac léinn cláraithe de chuid OÉ Gaillimh ina lánbhall den Chomhaltas tar éis dó an tobhach mic léinn a íoc. Beidh gach ball den Choiste Feidhmiúcháin ina lánbhall den Chomhaltas de bhua go raibh sé tofa.

5. AUTHORITY

Subject to this constitution the powers of government of the Union shall be vested in, and exercised by, the organs established by this constitution in the following order of importance, namely:

A. Referendum
B. Board of Trustees
C. Students' Union Council
D. Executive Committee
E. President

A. Referendum

A referendum shall be of all members as laid down in the schedules of the constitution. The Students' Union Council and all Union officers shall be subject to any decision made by a referendum.

B. Board of Trustees

i. All property, assets, liabilities and investments of the Union shall be held in trust for the members of the Union by the Board of Trustees. At no stage will the trustees be personally at risk for claims against the Union or the liabilities of the Union. The Union and its members shall indemnify and hold harmless the trustees from all claims, cost, risk and expense arising from their position as trustees.

ii. The Board of Trustees shall advise the President on staffing, administration, finance and other aspects of the Union.

iii. There shall be no less than five and a maximum of nine trustees of the Union who are appointed by the Executive Committee. Trustees can be removed by a two-thirds majority of a quorate Students' Union Council. They shall hold office until they resign or are removed.

iv. The Trustees shall meet as often as may be required but in any event at least once per annum.

v. The Trustees shall not be members of the Union.

C. Students' Union Council

i. The Students' Union Council shall act as the forum for the Class Representatives.

ii. All students are allowed to attend the Students' Union Council. Only registered Class Representatives are permitted to vote at the Students' Union Council.

iii. The Students' Union Council shall meet at least three times per semester.

iv. All Executive officers are required to attend the meetings. If an officer fails to attend three consecutive meetings of the Students' Union Council without written apologies being accepted by the Students' Union Council, he/she shall be deemed to have resigned.

5. ÚDARÁS

Faoi réir an bhunreachta seo, na horgáin arna mbunú ag an mBunreacht seo, feidhmeoidh siad cumhachtaí rialtais an Chomhaltais agus dílseofar dóibh cumhachtaí rialtais an Chomhaltais san ord tosaíochta seo a leanas, eadhon:

A. Reifreann
B. Bord na nIontaobhaithe
C. Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn
D. An Coiste Feidhmiúcháin
E. An tUachtarán

A. Reifreann

Déanfar reifreann de na baill uile de réir mar atá leagtha amach sna sceidil a ghabhann leis an mBunreacht. Beidh Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn agus Oifigigh an Chomhaltais uile faoi réir aon chinnidh a dhéanfar de bhun reifrinn.

B. Bord na nIontaobhaithe

i. Sealbhóidh Bord na nIontaobhaithe gach maoin, sócmhainn, dliteanas agus infheistíocht de chuid an Chomhaltais ar iontaobhas do bhaill an Chomhaltais. Ní bheidh na hiontaobhaithe faoi phriacal aon éilimh i gcoinne an Chomhaltais ná dhliteanais an Chomhaltais go pearsanta ag am ar bith. Slánóidh an Comhaltas agus a bhaill na hiontaobhaithe agus glacfaidh an Comhaltas agus a bhaill leis go bhfuil na hIontaobhaithe neamhurchóideach ó gach éileamh, costas, agus riosca a éiríonn de dhroim a seasaimh mar Iontaobhaithe.

ii. Tabharfaidh Bord na nIontaobhaithe comhairle don Uachtarán ar chúrsaí soláthair foirne, riaracháin, airgeadais agus gnéithe eile den Chomhaltas.

iii. Beidh cúigear iontaobhaithe ar a laghad ag an gComhaltas agus naonúr ar a mhéad, a bheidh ceaptha ag an gCoiste Feidhmiúcháin. Féadfaidh tromlach dhá thrian de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn, le córam, iontaobhaithe a bhriseadh as oifig. Beidh siad i seilbh oifige go dtí go n-éireoidh siad as nó go dtí go mbrisfear as oifig iad.

iv. Tiocfaidh na hIontaobhaithe le chéile a mhinice is gá ach uair amháin sa bhliain ar a laghad.

v. Ní bheidh na hIontaobhaithe ina mbaill den Chomhaltas.

C. Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn

i. Beidh Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn ina fóram do na hIonadaithe Ranga.

ii. Féadfaidh gach mac léinn freastal ar Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn. Ní fhéadfaidh ach Ionadaithe Ranga cláraithe vótáil ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn.

iii. Tiocfaidh Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn le chéile trí huaire ar a laghad in aghaidh an tseimeastair.

v. Each Executive officer shall submit an electronic report of work done since the last meeting to the Chairperson of Students' Union Council not less than three college days prior to the meeting. If an officer fails to submit a report for three meetings during the year they shall be deemed to have resigned.

vi. Members of the Students' Union Council may raise motions by contacting, in writing, the Chairperson of Students' Union Council not less than three college days prior to the meeting. College days are defined as all days on which teaching for undergraduate courses takes place as set out in the University Academic Calendar.

vii. All students may speak on motions and ask questions of the officers.

viii. Voting on motions at Students' Union Council shall ordinarily be by simple majority vote. Voting shall be conducted in accordance with the regulations outlined in the relevant Schedule of this Constitution.

ix. Any member of the Students' Union Council may request a recount of the votes. There shall be a maximum of three recounts, after which the Chairperson shall adjudicate on the issue.

x. A special meeting of the Students' Union Council shall be called, upon receipt of a written request submitted to the General Manager of the Union, or their appointee. It may be from any of the following:
   a. The President of the Union (On his/her own initiative)
   b. The Executive Committee (By simple majority vote)
   c. The Chairperson of the Students' Union Council, (On his/her own initiative)
   d. The General Manager of the Students' Union (On the receipt of a written request from five members of the Students' Union Council).

xi. A maximum of two special Students' Union Councils may be held each semester.

xii. Notices for all Students' Union Councils shall be given though the normal means of communication employed by the Union, with particular regard to electronic communication.

xiii. The quorum for a Students' Union Council shall be fifty (50) class representatives.

xiv. Meetings of Students' Union Council shall be conducted in accordance with such standing orders as may be determined by the members from time to time. Such standing orders may be suspended by a two-thirds (2/3) majority of those present and voting. Standing Orders may not be suspended retrospectively.

D. Executive Committee

The Executive Committee shall be responsible for the day to day running of the representational activities of the Union as outlined in Article 7.

iv. Beidh ar gach Oifigeach Feidhmiúcháin freastal ar chruinnithe Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn. Má theipeann ar oifigeach freastal ar trí chruinniú de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn as a chéile, agus mura nglacann Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn lena leithscéalta i scríbhinn, measfar gur éirigh sé as.

v. Cuirfidh gach oifigeach Feidhmiúcháin tuairisc i scríbhinn maidir leis an obair faoinar thug sé i ndiaidh an chruinnithe dheireanaigh faoi bhráid Chathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn tráth nach déanaí ná trí lá coláiste roimh an gcruinniú. Má theipeann ar oifigeach tuairisc a chur faoi bhráid an Chathaoirligh i ndáil le trí chruinniú le linn na bliana, measfar gur éirigh sé as.

vi. Féadfaidh baill Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn rúin a mholadh trí theagmháil, i scríbhinn, a dhéanamh le Cathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn tráth nach déanaí ná trí lá coláiste roimh an gcruinniú. Is éard atá i gceist le laethanta coláiste ná laethanta a bhfuil cúrsaí fochéime á múineadh mar atá leagtha amach i bhFéilire Acadúil na hOllscoile.

vii. Féadfaidh gach mac léinn labhairt ar rúin agus ceisteanna a chur ar oifigigh.

viii. Déanfar vótáil ar rúin ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn ar bhonn tromlach simplí de na vótaí de ghnáth. Déanfar vótáil de réir na rialachán atá leagtha amach sa sceideal bainteach den Bhunreacht seo.

ix. Féadfaidh aon bhall de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn athchomhaireamh na vótaí a éileamh. Beidh trí athchomhaireamh ar a mhéad ann, agus déanfaidh an Cathaoirleach breithniú ar an gceist ina dhiaidh sin.

x. Tionólfar cruinniú speisialta de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn tar éis iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid Bhainisteoir Ginearálta an Chomhaltais, nó a cheapaí. Féadfaidh na daoine seo a leanas an t-iarratas sin a dhéanamh:
    a. Uachtarán an Chomhaltais (ar a thionscnamh féin)
    b. An Coiste Feidhmiúcháin (trí thromlach simplí de na vótaí)
    c. Cathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn, (ar a thionscnamh féin)
    d. Bainisteoir Ginearálta Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn (tar éis iarratas i scríbhinn a fháil ó chúigear ball de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn).

xi. Ní fhéadfar ach dhá chruinniú speisialta de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn ar a mhéad a thionól gach seimeastar.

xii. Scaipfear fógraí faoi Chomhairlí de Chomhaltas na Mac Léinn ar na gnáthbhealaí cumarsáide a úsáideann an Comhaltas, ach tabharfar tús áite do chumarsáid leictreonach.

xiii. Caoga (50) Ionadaí Ranga is córam do Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn.

xiv. Reáchtálfar cruinnithe de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn de réir buanorduithe a fhéadfaidh na baill a shocrú ó am go ham. Féadfaidh tromlach

E. President

The President shall exercise plenary powers between Executive meetings and shall on request present a report of work to these meetings and shall be subject to any decision made by the Executive.

6. FINANCE COMMITTEE

A. Accounts in relation to the representational function, administrative function and all functions not vested in an incorporated entity of the Union shall be controlled by the Finance Committee.

B. Finance Committee shall be responsible for overseeing the financial concerns of the Union and shall advise the Executive Committee of any developments or initiatives taken.

C. The role of Finance Committee is to:

i. Approve the annual Students' Union budget.
ii. Review the budget after six months.
iii. Receive and examine the Union annual accounts and submit the accounts to the Students' Union Council.
iv. Determine the administrative terms and conditions of officers' tenure including such matters as remuneration, annual leave and expenses.
v. Oversee the general financial management and development of the Union.
vi. Finance Committee must meet as often as necessary to complete its activities and in any case not less than three times annually, the first meeting to take place in the month of July.
vii. All members of Finance Committee will be entitled to the minutes and documentation of the meetings of the previous years.

D. Finance Committee shall consist of six members. The members shall be:

i. The President of the Students' Union.

ii. Two Students' Union Officers appointed by the Executive Committee.

iii. Three trustees, or persons appointed by the Board of Trustees.

iv. The Chairperson of the committee shall be a Trustee appointed by the Board of Trustees and shall have a casting vote in the case of a tie.

v. The Trustees, or their nominees, shall serve for up to three years. The Board of Trustees shall fill any vacancy at the earliest convenience.

dhá thrian (2/3) de na daoine atá ann agus ag vótáil buanorduithe den chineál sin a chur ar fionraí. Ní fhéadfar buanorduithe a chur ar fionraí go cúlghabhálach.

D. An Coiste Feidhmiúcháin

Beidh an Coiste Feidhmiúcháin freagrach as gníomhaíochtaí ionadaíocha an Chomhaltais, mar atá leagtha amach in Alt 7, a stiúradh ó lá go lá.

E. An tUachtarán

Feidhmeoidh an tUachtarán cumhachtaí iomlánacha idir cruinnithe den Choiste Feidhmiúcháin, agus cuirfidh sé, ar iarratas, tuairisc maidir leis an obair a rinne sé faoi bhráid na gcruinnithe sin agus beidh sé faoi réir aon chinnidh a dhéanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin.

6. AN COISTE AIRGEADAIS

A. Is faoi rialú an Choiste Airgeadais a bheidh gach cuntas i dtaca leis an bhfeidhm ionadaíoch, an fheidhm riaracháin agus gach feidhm nach bhfuil dílsithe in aonán corpraithe de chuid an Chomhaltais.

B. Beidh an Coiste Airgeadais freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais an Chomhaltais agus as comhairle a thabhairt don Choiste Feidhmiúcháin maidir le haon fhorbairt nó aon tionscnamh faoinar tugadh.

C. Is é ról an Choiste Airgeadais:

i. Buiséad bliantúil Chomhaltas na Mac Léinn a FHAOMHADH.
ii. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBuiséad tar éis 6 mhí.
iii. Cuntais bhliantúla a fháil agus a scrúdú agus cuntais a chur faoi bhráid Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn.
iv. Téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le tionacht na n-oifigeach a shocrú, lena n-áirítear luach saothair, saoire bhliantúil agus speansais.
v. Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht ghinearálta airgeadais agus forbairt an Chomhaltais.
vi. Beidh ar an gCoiste Airgeadais teacht le chéile a mhinice is gá chun a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích ach trí huaire ar a laghad in aghaidh na bliana, an chéad chruinniú i mí Iúil.
vii. Beidh gach ball den Choiste Airgeadais i dteideal na miontuairiscí agus na cáipéisíochta a bhaineann le cruinnithe na mblianta roimhe.

D. Beidh ar an gCoiste Airgeadais seisear ball. Is iad sin na daoine seo a leanas:

i. Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn.

ii. Beirt Oifigeach de chuid Chomhaltas na Mac Léinn arna gceapadh ag an gCoiste Feidhmiúcháin.

iii. Triúr iontaobhaithe, nó daoine arna gceapadh ag Bord na nIontaobhaithe.

7. THE EXECUTIVE COMMITTEE

A. The Executive Committee of the Union shall consist of:

i. The President
ii. The Vice-President / Welfare and Equality Officer
iii. The Vice-President / Education Officer
iv. The Mature Students Officer
v. The Irish Language Officer
vi. The Societies' Chairperson
vii. The Clubs' Captain
viii. The Students' Union Council Chairperson
ix. A College Convener for each of the colleges of NUI Galway outlined in the relevant Schedule of this Constitution.
x. The International Students Officer
xi. The Gender and LGBT+ Rights Officer
xii. The Disability Rights Officer
xiii. The Postgraduate Taught Officer
xiv. The Postgraduate Research Officer
xv. The Ethnic Minorities Officer

i. The President

1. S/He shall act as Chairperson and shall have responsibility to uphold this Constitution and the terms of reference of all Union companies.
2. S/He shall be responsible for liaising with the appropriate staff members of the Union, the Union's companies and with University management.
3. S/He shall have responsibility for the day to day finances of the Union in conjunction with the senior staff member and shall report to the Finance Committee on those issues.
4. S/He shall also be responsible for ultimate coordination of Students' Union campaigns
5. S/He shall be required to act as a member of the Boards of Directors of companies owned by or related to the Union.
6. S/He will represent Union members on University committees.
7. S/He shall be the Chief Executive Officer and chief spokesperson of the Union.
8. S/He shall be the principal delegate to the National Council and Annual Congress of the Union of Students in Ireland.
9. S/He shall also be required to give a mandatory report on work carried out at each Executive meeting.

ii. The **Vice-President**, who shall at as **Welfare and Equality Officer**

1. Shall have responsibility for providing information and educating the general student body on welfare and equality issues and to this end shall initiate campaigns on relevant and pressing Welfare and Equality issues, in collaboration with relevant officers.
2. Shall also provide a confidential listening and referral service for members of the Union
3. Shall represent members on various University committees.
4. Shall also organise and chair the Welfare Forum.

iv. Beidh Cathaoirleach an Choiste ina iontaobhaí arna cheapadh ag Bord na nIontaobhaithe agus beidh vóta réitigh aige i gcás vóta cothrom.

v. Fónfaidh na hIontaobhaithe, nó a n-ainmnithe, ar feadh trí bliana ar a mhéad. Líonfaidh Bord na nIontaobhaithe aon fholúntas chomh luath is áisiúil dóibh.

7. AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

A. Beidh ar Choiste Feidhmiúcháin an Chomhaltais na baill seo a leanas:

i. An tUachtarán
ii. Leasuachtarán / an tOifigeach Leasa agus Comhionannais
iii. Leasuachtarán / an tOifigeach Oideachais
iv. An tOifigeach um Chúrsaí Mac Léinn Lánfhásta
v. Oifigeach na Gaeilge
vi. Cathaoirleach na gCumann
vii. Captaen na gClubanna
viii. Cathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn
ix. Tionólaí Coláiste do gach Coláiste de chuid OÉ Gaillimh atá leagtha amach sa sceideal ábhartha atá ag gabháil leis an mBunreacht seo**.**
x. Oifigeach na Mac Léinn Idirnáisiúnta
xi. An tOifigeach um Chearta Inscne agus LADT+
xii. An tOifigeach um Chearta Míchumais
xiii. Oifigeach na nIarchéimithe Teagasctha
xiv. Oifigeach na nIarchéimithe i mbun Taighde
xv. Oifigeach na Mionlach Eitneach

i. An tUachtarán

1. Feidhmeoidh sé mar an Cathaoirleach agus beidh sé de dhualgas air cloí leis an mBunreacht seo agus téarmaí tagartha na gcuideachtaí ar fad de chuid an Chomhaltais.
2. Beidh sé freagrach as coinneáil i dteagmháil le baill foirne chuí den Chomhaltas, cuideachtaí an Chomhaltais agus lucht bainistíochta na hOllscoile.
3. Beidh sé freagrach as cúrsaí airgeadais an Chomhaltais ó lá go lá i gcomhpháirt leis an mball foirne sinsearach, agus tuairisceoidh sé don Choiste Airgeadais ar na hábhair sin.
4. Beidh sé freagrach as feachtais de chuid Chomhaltas na Mac Léinn a chomhordú ar an iomlán.
5. Beidh air feidhmiú mar bhall ar Bhoird Stiúrthóirí na gcuideachtaí atá i seilbh an Chomhaltais nó a bhaineann leis an gComhaltas.
6. Déanfaidh sé ionadaíocht do bhaill an Chomhaltais ar choistí de chuid na hOllscoile.
7. Beidh sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Phríomhurlabhraí don Chomhaltas.
8. Beidh sé mar an príomhthoscaire don Chomhairle Náisiúnta agus do Chomhdháil Bhliantúil Aontas na Mac Léinn in Éirinn.
9. Beidh air tuairisc éigeantach a thabhairt maidir le hobair a rinne sé ag gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin.

5. Shall also be required to give a mandatory report on work carried out at each Executive meeting.
6. The Welfare and Equality Officer's actions will be informed by the 9 Equality Grounds, being:
    i. Gender
    ii. Civil status
    iii. Family status
    iv. Sexual orientation
    v. Religion
    vi. Age
    vii. Disability
    viii. Race
    ix. Membership of the Traveller community

iii. The Vice-President, who shall act as **Education Officer**.

1. S/He shall have ultimate responsibility for the co-ordination of the CRC in conjunction with the relevant staff members.
2. S/He shall provide a confidential listening and referral service for all Union members.
3. S/He shall represent members on various University committees.
4. S/He also has responsibility for keeping the Executive and general student body informed on relevant educational issues.
5. S/He shall be responsible for dealing with individual requests from students.
6. S/He shall also organise and chair the Education Forum.
7. S/He shall also be required to give a mandatory report on work carried out at each Executive meeting.

iv. The Mature Students Officer

1. S/He shall represent mature students on campus.
2. S/He shall promote their full involvement in the academic and social life of the university community.
3. S/He shall work with the other Students' Union officers, clubs, societies and the University as a whole to promote the development and integration of mature students at NUI Galway.

v. The Irish Language Officer

1. S/He shall be responsible for the promotion of the Irish language and culture amongst the members of the Union.
2. S/He shall enforce the policy set out in Article 18.B.
3. S/He shall support the work of the Irish language societies on campus.
4. S/He shall be proficient in Irish. The Elections Committee may, before an election, demand an Irish Language Officer candidate to demonstrate his/her fluency and literacy in Irish. The Director of Spoken Irish in NUI Galway (or a person nominated by the Director) shall adjudicate. A lack in fluency or literacy shall deem that candidate ineligible for the position.
5. S/He will represent Union members on various University committees.

ii. Leasuachtarán, a fheidhmeoidh mar **an tOifigeach Leasa agus Comhionannais.**

1. Beidh sé nó sí freagrach as eolas faoi shaincheisteanna leasa agus comhionannais a scaipeadh i measc na mac léinn agus iad a chur ar an eolas fúthu. Eagróidh sé nó sí feachtais ar shaincheisteanna ábhartha, tábhachtacha a bhaineann le cúrsaí leasa agus comhionannais chun na críche sin, i gcomhar le hoifigigh ábhartha eile.
2. Cuirfidh sé nó sí seirbhís éisteachta agus atreoraithe faoi rún ar fáil do bhaill an Chomhaltais chomh maith.
3. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht do bhaill ar choistí éagsúla de chuid na hOllscoile.
4. Reáchtálfaidh sé nó sí an Fóram Leasa agus Comhionannais agus beidh ina c(h)athaoirleach air chomh maith.
5. Beidh air nó uirthi tuairisc éigeantach a thabhairt ar obair a rinne sé nó sí ag gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin.
6. Cuirfidh na 9 bhForas Comhionannais bonn eolais faoi bhearta an Oifigigh Leasa agus Comhionannais, eadhon:
    i. Inscne
    ii. Stádas sibhialta
    iii. Stádas teaghlaigh
    iv. Gnéaschlaonadh
    v. Creideamh
    vi. Aois
    vii. Míchumas
    viii. Cine
    ix. Ballraíocht sa Lucht Siúil

iii. Leasuachtarán, a fheidhmeoidh mar **an tOifigeach Oideachais**.

1. Beidh sé freagrach as Comhairle na nIonadaithe Ranga a chomhordú i gcomhpháirt le baill foirne bhainteacha.
2. Cuirfidh sé seirbhís éisteachta agus atreoraithe faoi rún ar fáil do bhaill an Chomhaltais.
3. Déanfaidh sé ionadaíocht do bhaill ar choistí éagsúla de chuid na hOllscoile.
4. Beidh sé freagrach as an gCoiste Feidhmiúcháin agus as mic léinn a choinneáil ar an eolas faoi cheisteanna bainteacha oideachais.
5. Beidh sé freagrach as déileáil le hiarratais aonair ó mhic léinn.
6. Reáchtálfaidh sé an Fóram Oideachais agus beidh sé ina chathaoirleach ar an bhFóram sin chomh maith.
7. Beidh air tuairisc éigeantach a thabhairt maidir le hobair a rinne sé ag gach cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin.

iv. An tOifigeach um Chúrsaí Mac Léinn Lánfhásta

1. Déanfaidh sé ionadaíocht do na mic léinn lánfhásta ar an gcampas.
2. Déanfaidh sé iad a spreagadh chun lánpháirt a ghlacadh i saol acadúil agus sóisialta na hOllscoile.
3. Oibreoidh sé in éineacht le hoifigigh eile de chuid Chomhaltas na Mac Léinn, clubanna, cumainn agus an Ollscoil ar an iomlán chun forbairt agus imeascadh na mac léinn lánfhásta a chur chun cinn ag OÉ Gaillimh.

vi. The Societies' Chairperson

1. S/He shall have the responsibility of liaising between the University's societies, the Union, and the University.
2. S/He shall also help and advise societies and voice their concerns and needs on relevant University Committees.
3. As such, the Union recognises the Societies' Chairperson as the Chief Representative of the University's societies.
4. S/He shall also organise and chair the Societies' Forum.

vii. The Clubs' Captain

1. S/He shall have the responsibility of liaising between the University's clubs, the Union, and the University.
2. S/He shall also help and advise clubs and voice their concerns and needs on relevant University Committees.
3. As such, the Union recognises the Clubs' Captain as the Chief Representative of the University's clubs.
4. S/He shall also organise and chair the Clubs' Forum.

viii. The **Students' Union Council Chairperson,**

1. S/He shall chair the meetings of the Students' Union Council
2. S/He shall represent all class representatives on the Executive Committee.
3. He/she shall work with the College Convenors to see that each class in the University has a class representative.

ix. The **College Convenors**

1. They shall act as the chairpersons of each relevant College Class Representatives Council ('College Council').
2. They shall represent their College's class representatives and students at the Executive Committee.
3. They shall work with the Chairperson of Students' Union Council to see that each class in the University has a class representative.

x. The International Students Officer

1. Shall represent international students on campus.
2. Shall provide support to international students as may be necessary.
3. Shall will be responsible for developing Union policy on the international student experience.
4. Shall will be responsible for representing Union members on various committees
5. Shall will promote the integration of International students across campus, and shall highlight and address issues relating to International Students.
6. Shall liaise with the International Office wherever relevant.

xi. The Gender and LGBT+ Rights Officer

1. Shall represent Students on Gender and LGBT+ issues.
2. Shall be responsible for developing Union policies as they relate to Gender and LGBT+ issues.
3. Shall liaise with relevant societies.

v. Oifigeach na Gaeilge

1. Beidh sé freagrach as an nGaeilge agus cultúr Éireannach a chur chun cinn i measc bhaill an Chomhaltais.
2. Cuirfidh sé an polasaí atá leagtha amach in Alt 18.B i bhfeidhm.
3. Tabharfaidh sé tacaíocht d'obair na gcumann Gaeilge ar an gcampas.
4. Beidh Gaeilge ar a thoil aige. Féadfaidh an Coiste Toghchán éileamh ar iarrthóir ar phost Oifigeach na Gaeilge a líofacht agus inniúlacht sa teanga a léiriú. Déanfaidh Stiúrthóir na Gaeilge Labhartha (nó duine atá ainmnithe ag an Stiúrthóir) breithniú air sin. Measfar nach mbeidh an t-iarrthóir incháilithe sa chás go bhfuil easpa líofachta nó inniúlachta sa Ghaeilge aige.
5. Déanfaidh sé ionadaíocht do bhaill an Chomhaltais ar choistí éagsúla de chuid na hOllscoile.

vi. Cathaoirleach na gCumann

1. Beidh sé freagrach as comhoibriú idir cumainn na hOllscoile, an Comhaltas, agus an Ollscoil.
2. Tabharfaidh sé comhairle do chumainn agus guth dá riachtanais agus ábhair is cúram dóibh ar choistí bainteacha de chuid na hOllscoile.
3. Mar sin, aithneoidh an Comhaltas Cathaoirleach na gCumann mar Phríomhionadaí Chumainn na hOllscoile.
4. Reáchtálfaidh sé Fóram na gCumann agus beidh sé ina chathaoirleach air.

vii. Captaen na gClubanna

1. Beidh sé freagrach as comhoibriú idir clubanna na hOllscoile, an Comhaltas, agus an Ollscoil.
2. Tabharfaidh sé comhairle do chlubanna agus guth dá riachtanais agus ábhair is cúram dóibh ar choistí bainteacha de chuid na hOllscoile.
3. Mar sin, aithneoidh an Comhaltas Captaen na gClubanna mar Phríomhionadaí Chlubanna na hOllscoile.
4. Reáchtálfaidh sé Fóram na gClubanna agus beidh sé ina chathaoirleach air.

viii. Cathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn

1. Déanfaidh sé cathaoirleacht ar chruinnithe Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn.
2. Déanfaidh sé ionadaíocht ar an gCoiste Feidhmiúcháin do na hIonadaithe Ranga ar fad.
3. Oibreoidh sé in éineacht le Tionólaithe na gColáistí chun a chinntiú go mbeidh ionadaí ranga ag gach rang san Ollscoil.

ix. Tionólaithe na gColáistí

1. Feidhmeoidh siad mar chathaoirligh ar gach Comhairle Ionadaithe Ranga den Choláiste bainteach ('Comhairle an Choláiste').
2. Déanfaidh siad ionadaíocht d'ionadaithe ranga agus mic léinn a gColáiste ar an gCoiste Feidhmiúcháin.
3. Oibreoidh siad i gcomhar le Cathaoirleach Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn chun a chinntiú go mbeidh ionadaí ranga ag gach rang san Ollscoil.

4. Shall organise relevant events and campaigns to highlight and address Gender and LGBT+ issues facing students

xii. The Disability Rights Officer

1. Shall represent students with Disabilities on campus.
2. Shall promote the integration of students with disabilities across campus, and shall run relevant campaigns to highlight inequalities faced by those with disabilities on a societal and campus wide level.
3. Shall be responsible for developing Union policies as they relate to improving the student experience of those with disabilities.
4. Shall represent the Union on various committees.
5. Shall liaise with the Disability Support Service where appropriate.

xiii. The Postgraduate Taught Officer

1. Shall be the officer primarily responsible for developing Union Policy on postgraduate taught affairs.
2. Shall represent the interests of Postgraduate Taught and Postgraduate Research students.
3. Shall promote postgraduate involvement in the academic and social life of the University community and the university.
4. Shall work primarily in conjunction with the Postgraduate Research Officer and the Vice President / Education Officer to promote and vindicate the rights of Postgraduate students.

xiv. The Postgraduate Research Officer

1. Shall be the officer primarily responsible for developing Union Policy on postgraduate research affairs
2. Shall represent the interests of Postgraduate Taught and Postgraduate Research students.
3. Shall promote postgraduate involvement in the academic and social life of the University community and the University.
4. Shall work primarily in conjunction with the Postgraduate Taught Officer and the Vice President / Education Officer to promote and vindicate the rights of Postgraduate students.

xv. The Ethnic Minorities Officer

1. Shall represent students of ethnic minority on campus.
2. Shall will be responsible for representing union members on various committees.
3. Shall provide support to students of ethnic minority as may be necessary.
4. Shall liaise with relevant societies.
5. Shall organise relevant events and campaigns to highlight and address cultural diversity.
6. Shall promote the cultural integration of students across campus, and shall highlight and address issues relating to students of ethnic minority.
7. Shall be responsible for developing union policy on the student of ethnic minority.

x. Oifigeach na Mac Léinn Idirnáisiúnta

1. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta ar an gcampas.
2. Cuirfidh sé nó sí tacaíocht ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta de réir mar is gá.
3. Beidh sé nó sí freagrach as forbairt a dhéanamh ar bheartas an Chomhaltais maidir le heispéireas an mhic léinn idirnáisiúnta.
4. Beidh sé nó sí freagrach as ionadaíocht a dhéanamh do bhaill an Chomhaltais ar choistí éagsúla de chuid na hOllscoile.
5. Déanfaidh sé nó sí imeascadh mac léinn idirnáisiúnta a chur chun cinn ar fud an champais, agus leagfaidh béim ar shaincheisteanna a bhaineann le mic léinn idirnáisiúnta.
6. Rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Oifig Idirnáisiúnta nuair is cuí.

xi. An tOifigeach um Chearta Inscne agus LADT+

1. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht do mhic léinn ar shaincheisteanna a bhaineann le hinscne agus LADT+.
2. Beidh sé nó sí freagrach as forbairt a dhéanamh ar bheartais an Chomhaltais de réir mar a bhaineann siad le saincheisteanna inscne agus LADT+.
3. Rachaidh sé nó sí i gcomhairle le cumainn ábhartha.
4. Eagróidh sé nó sí imeachtaí agus feachtais ábhartha d'fhonn béim a leagan ar shaincheisteanna inscne agus LADT+ a théann i bhfeidhm ar mhic léinn.

xii. An tOifigeach um Chearta Míchumais

1. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht do mhic léinn atá faoi mhíchumas ar an gcampas.
2. Déanfaidh sé nó sí imeascadh mac léinn atá faoi mhíchumas a chur chun cinn ar fud an champais, agus eagróidh feachtais ábhartha d'fhonn béim a leagan ar na cásanna neamhionannais a bhíonn le sárú acu siúd atá faoi mhíchumas ar an gcampas agus sa tsochaí go ginearálta.
3. Beidh sé nó sí freagrach as forbairt a dhéanamh ar bheartais an Chomhaltais de réir mar a bhaineann siad le heispéireas an mhic léinn a fheabhsú dóibh siúd atá faoi mhíchumas.
4. Déanfaidh sé ionadaíocht don Chomhaltas ar choistí éagsúla.
5. Rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an tSeirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas nuair is cuí.

xiii. Oifigeach na nIarchéimithe Teagasctha

1. Beidh sé nó sí ar an oifigeach is mó a bheidh freagrach as beartas an Chomhaltais maidir le hiarchéimithe teagasctha.
2. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht ar leasa iarchéimithe teagasctha agus iarchéimithe i mbun taighde araon.
3. Meallfaidh sé nó sí iarchéimithe le bheith páirteach i saol acadúil agus sóisialta phobal na hOllscoile agus i saol acadúil agus sóisialta na hOllscoile féin.
4. Oibreoidh sé nó sí i gcomhar le hOifigeach na nIarchéimithe i mbun Taighde agus le Leasuachtarán / an tOifigeach Oideachais go príomha d'fhonn cearta iarchéimithe a chur chun cinn agus a chosaint.

B. The President shall be an ex-officio member of all Union committees and sub-committees unless otherwise stated in the Constitution and its Schedules. S/He may delegate her/his position on all committees, except the Executive Committee, to members of the Executive Committee or The Students' Union Council.
C. Officers of the Union shall be elected in accordance with the relevant schedule of this constitution.

D. The President and Vice-Presidents shall be full-time paid officers of the Union. They shall be remunerated at a rate to be decided by the Finance Committee.

E. The President shall be responsible for the working and safeguarding of this constitution.

F. An officer cannot hold two offices at once.

G. The Executive Committee shall be responsible for the day to day running of the representational activities of the Union. The Executive Committee shall decide Union policy and all members of the Executive shall be bound by these policies.

H. All members of the Executive Committee shall be required to present a work plan for the year ahead to the Executive for approval before week two of the first semester. This work plan shall be reviewed and, if necessary, updated before the start of the second semester and again at the end of the second semester and at any other time that the Executive Committee deems appropriate.

I. The Executive Committee shall meet weekly during each semester. The quorum shall be seven. The Chairperson shall have the casting vote where necessary. If the number in attendance falls below quorum, the meeting will be regarded as having finished. Minutes of Executive Meetings will be published in the Students' Union website.

J. If a member of the Executive fails to attend three consecutive ordinary meetings during his/her term in office, without his/her apologies having been accepted by the meeting, s/he shall be deemed to have resigned. If a member fails to attend six meetings consecutively with or without giving apologies, s/he shall be deemed to have resigned.

K. One day's notice shall be given for all Ordinary Executive Committee Meetings. Emergency Executive Committee Meetings may be called at any time by five officers or the President. A decision made at an Emergency Executive Committee Meeting must be ratified by the next Ordinary Executive Committee Meeting or be counted as being nullified *ab initio*.

L. The Executive Committee shall be responsible for all detailed matters concerning the functioning of the Union. All members of the Executive shall have a collective responsibility for the successful operation of the Union. All members of the Executive must maintain confidentiality on any matter deemed confidential by the Executive.

xiv. Oifigeach na nIarchéimithe i mbun Taighde

1. Beidh sé nó sí ar an oifigeach is mó a bheidh freagrach as beartas an Chomhaltais maidir le hiarchéimithe i mbun taighde.
2. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht ar leasa iarchéimithe teagasctha agus iarchéimithe i mbun taighde araon.
3. Meallfaidh sé nó sí iarchéimithe le bheith páirteach i saol acadúil agus sóisialta phobal na hOllscoile agus i saol acadúil agus sóisialta na hOllscoile féin.
4. Oibreoidh sé nó sí i gcomhar le hOifigeach na nIarchéimithe Teagasctha agus le Leasuachtarán / an tOifigeach Oideachais go príomha d'fhonn cearta iarchéimithe a chur chun cinn agus a chosaint.

xv. Oifigeach na Mionlach Eitneach

1. Déanfaidh sé nó sí ionadaíocht ar an gcampas do mhic léinn de chuid mionlaigh eitneacha.
2. Beidh sé nó sí freagrach as ionadaíocht a dhéanamh do bhaill an Chomhaltais ar choistí éagsúla.
3. Cuirfidh sé nó sí tacaíocht ar fáil do mhic léinn de chuid mionlaigh eitneacha de réir mar is gá.
4. Rachaidh sé nó sí i gcomhairle le cumainn ábhartha.
5. Eagróidh sé nó sí imeachtaí agus feachtais d'fhonn béim a leagan agus aghaidh a thabhairt ar an ilchineálacht chultúrtha.
6. Déanfaidh sé nó sí imeascadh cultúrtha mac léinn a chur chun cinn ar fud an champais, agus leagfaidh béim ar shaincheisteanna a bhaineann le mic léinn de chuid mionlaigh eitneacha.
7. Beidh sé nó sí freagrach as forbairt a dhéanamh ar bheartas an Chomhaltais maidir le mic léinn de chuid mionlaigh eitneacha.

B. Beidh an tUachtarán ina bhall de bhrí oifige de gach coiste agus fochoiste de chuid an Chomhaltais ach amháin má deirtear a mhalairt sa Bhunreacht nó i sceideal atá ag gabháil leis an mBunreacht. Féadfaidh sé a phost ar gach coiste a tharmligean, seachas an Coiste Feidhmiúcháin, do bhaill den Choiste Feidhmiúcháin nó baill de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn.

C. Toghfar oifigigh an Chomhaltais de réir an sceidil ábhartha den Bhunreacht seo.

D. Beidh an tUachtarán agus na Leasuachtaráin ina n-oifigigh lánaimseartha íoctha de chuid an Chomhaltais. Íocfar iad ar ráta a bheidh le socrú ag an gCoiste Airgeadais.

E. Beidh an tUachtarán freagrach as an mBunreacht seo a fheidhmiú agus a chosaint.

F. Ní fhéadfaidh oifigeach a bheith i seilbh níos mó ná aon oifig amháin ag an am céanna.

G. Beidh an Coiste Feidhmiúcháin freagrach as gníomhaíochtaí ionadaíocha an Chomhaltais a stiúradh ó lá go lá. Cinnfidh an Coiste Feidhmiúcháin polasaí an

M. The Executive Committee shall be answerable to the Union. It shall take such actions as it deems necessary and desirable in the interest of the Union and it's members. The President shall exercise plenary powers between meetings of the Executive Committee but shall be answerable to the Executive Committee for any decision taken.

N. Incoming full-time Officers shall be required to attend one week of crossover training in advance of taking office. Such training shall be provided by the outgoing Officer. Incoming Officers shall be remunerated at the same rate as the full-time Officers for this week's training. However, this remuneration shall not be payable in the case of an outgoing full-time Officer having been elected to the same or another Executive office.

8. INDEMNITY

All officers shall be indemnified and held harmless by the Union for any losses incurred or claims made against them in the carrying out of their duties so long as the exercise of such duties is in the ordinary course of their officership or has been approved in advance by the Executive Committee.

9. COLLEGE CLASS REPRESENTATIVE COUNCILS

A. Each of the Colleges of the National University of Ireland, Galway, as listed in the relevant schedule, shall have a College Council.

B. A Postgraduates Council shall also be constituted and consist of all Postgraduate class representatives across the University. All references to College Councils shall be interpreted as extending to the Postgraduates Council.

C. The Vice President/ Education Officer shall determine which academic units are assigned to which College Council having consulted with relevant academics in the unit concerned.

D. Each College Council shall comprise of representatives from each class within its College, both undergraduate and postgraduate.

E. The function of each College Council is to discuss issues affecting each College.

F. Each College Council shall hold two meetings each semester during the academic year.

G. Each class representative within the College Council shall be entitled to one vote at their College Council meeting.

H. The Vice President/ Education Officer and the appropriate College Convenor shall attend every meeting of each College Council. The College Convenor shall act as Chairperson of each meeting. The President

Chomhaltais agus beidh gach ball den Choiste Feidhmiúcháin faoi cheangal ag na polasaithe sin.

H. Beidh ar gach ball den Choiste Feidhmiúcháin plean oibre don bhliain a chur faoi bhráid an Choiste Feidhmiúcháin lena fhaomhadh roimh an dara seachtain den chéad semester. Déanfar an plean oibre sin a fhaomhadh agus, a nuashonrú más gá, roimh thús an dara semester, agus arís ag deireadh an dara semester, agus aon uair iomchuí eile a mheasfaidh an Coiste Feidhmiúcháin.

I. Tiocfaidh an Coiste Feidhmiúcháin le chéile uair sa tseachtain le linn gach seimeastar. Seachtar is córam do na cruinnithe sin. Beidh vóta réitigh ag an gCathaoirleach nuair is gá. Má thiteann líon na ndaoine ag cruinniú faoi bhun an chóraim, measfar go mbeidh an cruinniú sin críochnaithe. Foilseofar miontuairiscí ar chruinnithe den Choiste Feidhmiúcháin ar shuíomh Idirlín Chomhaltas na Mac Léinn.

J. Má theipeann ar bhall den Choiste Feidhmiúcháin freastal ar trí ghnáthchruinniú as a chéile le linn a théarma oifige, agus mura nglacann an cruinniú lena leithscéalta, measfar gur éirigh sé as. Má theipeann ar bhall freastal ar shé chruinniú as a chéile, beag beann ar cibé acu a ghabhann nó nach ngabhann sé leithscéal, measfar é nó í a bheith éirithe as.

K. Tabharfar fógra aon lá roimh gach gnáthchruinniú an Choiste Feidhmiúcháin. Féadfaidh cúigear oifigeach nó an tUachtarán cruinniú práinne den Choiste Feidhmiúcháin a thionól ag aon am. Caithfear aon chinneadh a dhéanfar ag cruinniú práinne den Choiste Feidhmiúcháin a dhaingniú ag an gcéad ghnáthchruinniú eile den Choiste Feidhmiúcháin nó measfar go bhfuil sé curtha ar neamhní *ab initio*.

L. Beidh an Coiste Feidhmiúcháin freagrach as na mionsonraí uile a bhaineann le feidhmiú an Chomhaltais. Beidh gach ball den Choiste Feidhmiúcháin freagrach as an gComhaltas a fheidhmiú go rathúil. Beidh ar gach ball den Choiste Feidhmiúcháin aon ábhar atá faoi rún de bharr chinneadh an Choiste Feidhmiúcháin a choimeád faoi rún.

M. Beidh an Coiste Feidhmiúcháin freagrach don Chomhaltas. Déanfaidh sé bearta a mheasfaidh sé is riachtanach agus inmhianaithe ar mhaithe leis an gComhaltas agus baill an Chomhaltais. Feidhmeoidh an tUachtarán cumhachtaí iomlánacha idir cruinnithe den Choiste Feidhmiúcháin, ach beidh sé freagrach don Choiste Feidhmiúcháin as aon chinneadh den sórt sin.

N. Beidh ar oifigigh nuathofa freastal ar sheachtain d'oiliúint ionduchtúcháin sula bhféadfaidh siad a n-oifigí a thógáil. Is é an tOifigeach roimhe a chuirfidh an oiliúint sin ar fáil. Íocfar na hoifigigh nuathofa agus na hoifigigh roimhe ar an ráta céanna don tseachtain oiliúna sin. Ní íocfar an luach saothair sin, áfach, sa chás go raibh an t-oifigeach roimhe togha don oifig chéanna arís nó d'oifig eile ar an gCoiste Feidhmiúcháin.

I. Should the College Convenor be unable to attend meetings he/she may delegate this responsibility to another member of the Executive Committee or member of the relevant College Council.

J. The Postgraduate Officer must attend the Postgraduates Council meetings.

K. Any motion or items for inclusion on the agenda of College Council meetings shall be submitted to the College Convenor or to the Vice President / Education Officer in writing not less than two college days before the meeting at which they are to be discussed.

10. STUDENTS' UNION COMMITTEES & FORA

The Executive Committee shall establish committees and fora including:

A. **The Students' Union General Meeting**

i. The Students' Union General Meeting shall be held at least once a year, with at least three college days notice give to the student body.

ii. The President of the Students' Union shall ordinarily act as the Chairperson of the meeting, although he/she may ask another member of the Union to act as Chairperson at his/her own discretion.

iii. The Students' Union General Meeting shall act as the forum for the reviewing of the Union's activities and finances during the semester.

iv. The President shall give a summary of the Union's finances to the Students' Union General Meeting and shall answer questions pertaining to the finances.

v. Each Union officer shall also produce a written account of their activities during the year to date for distribution at the Students' Union General Meeting, which shall also be made available electronically by the Union within one week of the meeting. These reports must be submitted to the Vice President/ Education Officer not less than 3 college days prior to the meeting.

B. **The Education Forum**

The Education Forum shall be chaired by the Education Officer and shall meet once every semester. The purpose of the Education Forum shall be to discuss any relevant issues arising in the University which affect the education of the student body. The Education Forum shall, where necessary propose any relevant agenda items to the CRC for discussion. The Education Forum shall be open to all members of the Union.

C. **The Welfare Forum**

The Welfare Forum shall be chaired by the Welfare Officer and shall meet once every Semester. The purpose of the Welfare Forum shall be to discuss any relevant issues arising on campus or within the University which affect the welfare of students studying at NUI, Galway. The Welfare Forum shall, where

8. SLÁNAÍOCHT

Slánóidh an Comhaltas na hoifigigh uile agus glacfaidh leis go mbeidh na hoifigigh neamhurchóideach ó aon chaillteanas a thabhófar agus ó gach éileamh a dhéanfar ina gcoinne agus iad ag tabhairt faoina ndualgais, ar chuntar go mbeidh siad ag tabhairt faoi na dualgais sin i ngnáthchúrsa a bpoist nó go mbeidh siad ceadaithe roimh ré ag an gCoiste Feidhmiúcháin.

9. COMHAIRLÍ IONADAITHE RANGA NA GCOLÁISTÍ

A. Beidh Comhairle Coláiste ag gach coláiste de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar atá liostaithe sa sceideal ábhartha.

B. Cuirfear Comhairle Iarchéimithe ar bun chomh maith agus beidh ar an gComhairle sin gach ionadaí ranga iarchéime ar fud na hOllscoile. Tuigfear go bhfuil Comhairle na nIarchéimithe san áireamh i ngach tagairt do Chomhairlí Coláiste.

C. Socróidh Leasuachtarán/an tOifigeach Oideachais an Chomhairle Coláiste dá sanntar aonaid acadúla tar éis dó dul i ndáil chomhairle leis na hacadóirí sna haonaid ábhartha.

D. Beidh ar gach Comhairle Coláiste ionadaithe do gach rang sa choláiste sin, idir ranganna fochéime agus iarchéime.

E. Is é feidhm gach Comhairle Coláiste na hábhair is cúram don Choláiste sin a phlé.

F. Tiocfaidh gach Comhairle Coláiste le chéile dhá uair gach seimeastar le linn na bliana acadúla.

G. Beidh gach ionadaí ranga atá ar Chomhairle a Choláiste i dteideal aon vóta amháin ag cruinniú den Chomhairle Coláiste sin.

H. Freastalóidh Leasuachtarán/an tOifigeach Oideachais agus Tionólaí an Choláiste ábhartha ar gach cruinniú den Chomhairle Coláiste sin. Déanfaidh Tionólaí an Choláiste cathaoirleacht ar gach cruinniú. An tUachtarán

I. Mura mbíonn Tionólaí an Choláiste in ann freastal ar chruinnithe, féadfaidh sé a fhreagracht a tharmligean do bhall eile den Choiste Feidhmiúcháin nó do bhall den Chomhairle ábhartha.

J. Beidh ar an Oifigeach um Chúrsaí Mac Léinn Iarchéime freastal ar chruinnithe de Chomhairle na nIarchéimithe.

K. Aon rún nó aon mhír atá le cur le clár oibre cruinnithe de Chomhairle Coláiste, cuirfear faoi bhráid Thionólaí an Choláiste sin nó Leasuachtaráin/an Oifigigh Oideachais i scríbhinn iad dhá lá coláiste ar a laghad roimh an gcruinniú ag a ndéanfar plé orthu.

necessary propose any relevant agenda items to the CRC for discussion. The Welfare Forum shall be open to all members of the Union.

D. **The Elections Committee**

This shall comprise of the President, the Vice-Presidents and the Returning Officer appointed under Schedule I. The duties of this committee are to oversee the running of all Union elections and to decide on any matters relating to such which are not specifically covered in this constitution and its schedules. If a member of the committee is running for re-election, they must resign their position on the Elections Committee. The Executive Committee shall nominate one of their number as a replacement. The Elections Committee must also provide a list of rules and regulations for candidates on Union notice boards before campaigning begins.

E. **Publications & Promotions Committee**

This shall comprise of the President and the Vice-Presidents and the relevant staff members nominated by the Executive Committee who shall serve as Directors of the Company established for that purpose. The duties of this committee are to oversee the non-editorial organisation of all Union publications and to decide on any matters relating to such which are not specifically covered in this constitution and its schedules. The Committee shall receive and organise for a fair hearing of any complaints in relation to Union publications.

F. **The Societies' Forum.**

The Societies' Forum shall be chaired by the Societies' Chairperson and shall meet at least once per semester. The purpose of the Societies' Forum shall be to discuss any relevant issues arising which affect the University's societies. The Societies' Forum shall be open to the auditors of the University's societies. An auditor may nominate a society representative to attend in his/her place. The Societies' Chairperson must provide a written report of work in progress and any other relevant information to at least one Societies' Forum per semester and may be requested also by the Societies' Forum to provide additional reports.

G. **The Clubs' Forum.**

The Clubs' Forum shall be chaired by the Clubs' Captain and shall meet at least once per semester. The purpose of the Clubs' Forum shall be to discuss any relevant issues arising which affect the University's clubs. The Clubs' Forum shall be open to the captains of the University's clubs. A captain may nominate a club representative to attend in his/her place. The Clubs' Captain must provide a written report of work in progress and any other relevant information to at least one Clubs' Forum per semester and may also be requested by the Clubs' Forum to provide additional reports.

11. ELECTIONS

The members of the Executive Committee and The Students' Union Council shall be elected by and from the full members of the Union in accordance with Schedule I. The procedure for all other elections shall be determined by the Elections Committee.

10. COISTÍ AGUS FÓRAIM CHOMHALTAS NA MAC LÉINN

Cuirfear an Coiste Feidhmiúcháin coistí agus fóraim ar bun, lena n-áirítear:

A. **Cruinniú Ginearálta Chomhaltas na Mac Léinn**

i. Tionólfar Cruinniú Ginearálta Chomhaltas na Mac Léinn uair sa bhliain ar a laghad agus tabharfar fógra do na mic léinn trí lá coláiste ar a laghad roimh ré.

ii. Déanfaidh Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn cathaoirleacht ar an gcruinniú de ghnáth, ach féadfaidh sé iarraidh ar bhall eile den Chomhaltas feidhmiú mar Chathaoirleach faoina rogha féin.

iii. Beidh Cruinniú Ginearálta Chomhaltas na Mac Léinn ina fhóram le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cúrsaí airgeadais an Chomhaltais le linn an tseimeastair.

iv. Tabharfaidh an tUachtarán breac-chuntas ar chúrsaí airgeadais an Chomhaltais do Chruinniú Ginearálta Chomhaltas na Mac Léinn agus déanfaidh sé ceisteanna maidir le cúrsaí airgeadais an Chomhaltais a fhreagairt.

v. Cuirfidh gach oifigeach den Chomhaltas tuairisc i scríbhinn le chéile maidir lena ngníomhachtaí le linn na bliana agus scaipfear na tuairiscí sin ag Cruinniú Ginearálta Chomhaltas na Mac Léinn. Cuirfidh an Comhaltas na tuairiscí sin ar fáil go leictreonach tráth nach déanaí ná aon seachtain amháin i ndiaidh an chruinnithe chomh maith. Caithfidh na hOifigigh na tuairiscí sin a chur faoi bhráid an Leasuachtaráin/an Oifigigh Oideachais trí lá coláiste ar a laghad roimh an gcruinniú.

B. **An Fóram Oideachais**

Déanfaidh an tOifigeach Oideachais cathaoirleacht ar an bhFóram Oideachais agus tiocfaidh siad le chéile uair sa seimeastar. Is é aidhm an Fhóraim Oideachais plé a dhéanamh ar aon ábhar bainteach a théann i bhfeidhm ar oideachas na mac léinn san Ollscoil. Nuair is gá, féadfaidh an Fóram Oideachais a mholadh go ndéanfaí aon mhír ábhartha a phlé ag Comhairle na nIonadaithe. Beidh an Fóram Oideachais ar oscailt do bhaill uile an Chomhaltais.

C. **An Fóram Leasa**

Déanfaidh an tOifigeach Leasa cathaoirleacht ar an bhFóram Leasa agus tiocfaidh siad le chéile uair sa seimeastar. Is é aidhm an Fhóraim Leasa plé a dhéanamh ar aon ábhar bainteach a éiríonn ar an gcampas nó taobh istigh den Ollscoil agus a théann i bhfeidhm ar leas na mac léinn atá ag déanamh staidéir in OÉ Gaillimh. Nuair is gá, féadfaidh an Fóram Leasa a mholadh go gcuirfí aon mhír ábhartha le chlár oibre Chomhairle na nIonadaithe. Beidh an Fóram Leasa ar oscailt do bhaill uile an Chomhaltais.

D. **An Coiste Toghchán**

Beidh ar an gCoiste Toghchán an tUachtarán, na Leasuachtaráin, agus an Ceann Comhairimh arna cheapadh de réir Sceideal I. Is iad dualgais an Choiste seo ná maoirseacht a dhéanamh ar gach toghchán de chuid an Chomhaltais agus cinntí a dhéanamh ar cheisteanna a thiocfaidh chun solais nach bhfuil plé déanta leo

12. REMOVAL OF AN OFFICER

A. Any officer may be removed by a referendum held in accordance with article 16 of the Constitution.

B. A quorum for the removal of an officer shall be 50% of the total valid poll in the previous election of the position.

C. Where such a proposal is approved, s/he will be deemed to have resigned and may not stand for re-election in the subsequent by-election.

13. AMENDMENTS

A. A referendum of the members of the Union shall be the only method of amending the Constitution and such a referendum shall be carried out in accordance with the provisions laid out in Article 16.

B. A quorate Students' Union Council may amend the Schedules of this constitution by a two thirds (2/3) majority.

C. At least seven college days notice shall be given of proposed amendments to the Schedules of this Constitution. The proposed amendments must be clearly publicised by the Students' Union.

14. INTERPRETATION OF THE CONSTITUTION

In the event of a dispute as to the interpretation of any part of the Constitution and it's Schedules, the ruling of the President shall be sought. The ruling of the President shall stand unless and until it is successfully challenged at a duly constituted Students' Union Council, on a simple majority. However any action taken under the ruling of the President before such a successful challenge shall not be invalidated thereby. In the case of conflict between the texts of any copy of this Constitution and it's Schedules enrolled under this section, the text in English shall prevail.

15. INTERPRETATION OF MINUTES AND MOTIONS OF ALL UNION MEETINGS

The President shall rule on disputes as to interpretation of minutes and motions of meetings of the Union having regard to members of the Committee from which the dispute arises.

16. THE REFERENDUM

A. A referendum of all members of the Union shall be the supreme authority on all matters relating to the government of the Union.

B. Referenda may be called in relation to Union Policy and the constitution on such matters as they arise.

sa Bhunreacht seo ná sna sceidil atá ag gabháil leis. Sa chás go mbeidh ball den Choiste ag glacadh páirt sa toghchán agus ag iarraidh go n-atoghfaí é, beidh air éirí as a phost ar an gCoiste Toghchán. Déanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin duine dá líon a ainmniú ansin chun an folúntas sin a líonadh. Beidh ar an gCoiste Toghchán liosta na rialacha agus na rialachán d'iarrthóirí a chur ar chláir fógraí an Chomhaltais sula dtosóidh an feachtas.

E. **An Coiste Foilseachán agus Fógraíochta**

Beidh ar an gCoiste Foilseachán agus Fógraíochta an tUachtarán, na Leasuachtaráin agus baill foirne ábhartha a n-ainmneoidh an Coiste Feidhmiúcháin iad agus a bheidh ina stiúrthóirí ar an gCuideachta a chuirfear ar bun chun na críche sin. Is iad dualgais an Choiste seo maoirseacht a dhéanamh ar eagrú neamheagarthóireachta foilseachán de chuid an Chomhaltais agus cinntí a dhéanamh ar cheisteanna a thiocfaidh chun solais nach bhfuil plé déanta leo sa Bhunreacht seo ná sna sceidil atá ag gabháil leis. Glacfaidh an Coiste le gearáin faoi fhoilseacháin de chuid an Chomhaltais agus reáchtálfaidh siad éisteacht chóir, chothrom maidir leo.

F. **Fóram na gCumann**

Déanfaidh Cathaoirleach na gCumann cathaoirleacht ar Fhóram na gCumann agus tiocfaidh siad le chéile uair amháin sa seimeastar ar a laghad. Is é aidhm Fhóram na gCumann plé a dhéanamh ar aon ábhar bainteach a théann i bhfeidhm ar chumainn na hOllscoile. Beidh Fóram na gCumann ar oscailt do reachtairí chumainn na hOllscoile. Féadfaidh reachtaire ionadaí cumainn a ainmniú chun freastal ar an bhFóram ina áit. Beidh ar Chathaoirleach na gCumann tuairisc i scríbhinn ar obair atá ar bun agus ar aon eolas ábhartha eile a chur faoi bhráid aon Fhóraim amháin ar a laghad gach seimeastar agus féadfaidh Fóram na gCumann iarraidh air tuairiscí sa bhreis a sholáthar.

G. **Fóram na gClubanna**

Déanfaidh Captaen na gClubanna cathaoirleacht ar Fhóram na gClubanna agus tiocfaidh siad le chéile uair amháin sa seimeastar ar a laghad. Is é aidhm Fhóram na gClubanna plé a dhéanamh ar aon ábhar bainteach a théann i bhfeidhm ar chlubanna na hOllscoile. Beidh Fóram na gClubanna ar oscailt do captaein chumainn na hOllscoile. Féadfaidh captaen ionadaí club a ainmniú chun freastal ar an bhFóram ina áit. Beidh ar Chaptaen na gClubanna tuairisc i scríbhinn ar obair atá ar bun agus ar aon eolas ábhartha eile a chur faoi bhráid aon Fhóraim amháin ar a laghad gach seimeastar agus féadfaidh Fóram na gClubanna iarraidh air tuairiscí sa bhreis a sholáthar.

11. TOGHCHÁIN

Déanfaidh lánbhaill an Chomhaltais an Coiste Feidhmiúcháin agus Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn a thoghadh ó lánbhaill an Chomhaltais de réir Sceideal I. Socróidh an Coiste Toghchán na nósanna imeachta le haghaidh toghcháin eile.

C. Such referenda shall be held not more than three weeks and not less than two weeks, from the date of their being called.

D. Any referendum under this article shall be deemed to have been passed if the majority of the votes cast at such referendum shall have been cast in favour of the proposal.

E. Only the Executive Committee or a quorate Students' Union Council may propose amendments to the Constitution.

F. To requisition a referendum, the signatures of 500 members must be appended to the proposed wording of the referendum and submitted to the General Manager.

17. COMMERCIAL ACTIVITIES

A. The commercial activities of the Students' Union shall be run in accordance with the provisions of this constitution and shall be controlled by the Board of Directors of NUI Galway Students' Union Commercial Services Limited.

B. The Company will be entirely owned by the members of the Students' Union and shall be held in trust by the Board of Trustees.

C. The Board of Trustees as members of the Company shall appoint a Board of Directors who will oversee the running of the Company.

D. The Students' Union Executive Officers shall be obliged to resign their positions on the Board of Directors at the end of their term of Office or alternatively twelve months after taking up their position on the Board of Directors. Once deemed elected, the incoming President of the Students' Union shall be a non-voting attendee at the Board of Directors until s/he commences his/her term of office as President.

E. The senior staff member of the union shall act as non-voting secretary to the Board. S/He shall be responsible for the organisation of Board meetings and any other duties as may be decided from time-to-time by the Board.

F. At these meetings the senior staff member of the company shall be required to report to the Board on the performance of the Commercial Activities.

18. GENERAL

A. NUI Galway Students' Union is affiliated to the Union of Students in Ireland.

B. The Union shall have two co-equal official languages i.e. Irish and English.

C. All official written and electronic matter of the Union shall be made available in Irish and English.

12. OIFIGEACH A BHRISEADH AS OIFIG

A. Féadfar aon oifigeach a bhriseadh as oifig trí reifreann a dhéanfar de réir alt 16 den Bhunreacht.

B. 50% den vótaíocht bhailí sa toghchán roimhe don phost is córam d'oifigeach a bhriseadh as oifig.

C. Sa chás go nglacfar le togra den sórt sin, measfar gur éirigh an tOifigeach as agus ní fhéadfaidh sé bheith mar iarrthóir san fhothoghchán dá éis.

13. LEASUITHE

A. Ní fhéadfar an Bunreacht a leasú ach amháin trí reifreann ar bhaill an Chomhaltais agus ní mór an reifreann sin a dhéanamh de réir na bhforálacha atá leagtha amach in Alt 16.

B. Féadfaidh tromlach dhá thrian (2/3) de Chomhairle Chomhaltas na Mac Léinn, le córam, na sceidil atá ag gabháil leis an mBunreacht seo a leasú.

C. Tabharfar fógra seacht lá coláiste ar a laghad maidir le leasuithe atá molta ar na Sceidil atá ag gabháil leis an mBunreacht seo. Ní mór do Chomhaltas na Mac Léinn na leasuithe molta sin a phoibliú go soiléir.

14. LÉIRIÚ AN BHUNREACHTA

Sa chás go mbeidh conspóid ann faoin mBunreacht nó faoi na Sceidil atá ag gabháil leis a léiriú, iarrfar ar an Uachtarán an cheist a réiteach. Seasfaidh cinneadh an Uachtaráin ach amháin sa chás go n-éireoidh le hagóid in aghaidh an chinnidh ag Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn, a bheidh comhdhéanta go cuí, tar éis tromlach simplí de na vótaí a fháil. Ní dhéanfar neamhbhailí aon bheart a rinneadh de réir chinneadh an Uachtaráin roimh an agóid, áfach. Na téacsanna d'aon chóip den Bhunreacht seo nó de na Sceidil atá ag gabháil leis an mBunreacht seo, sa chás go mbeidh siad ag teacht salach ar a chéile beidh an leagan Béarla i réim.

15. MIONTUAIRISCÍ AGUS RÚIN A LÉIRMHÍNIÚ

Déanfaidh an tUachtarán cinneadh ar aon chonspóid faoi a léirmhíniú miontuairiscí nó rún a bhaineann le cruinnithe de chuid an Chomhaltais, agus aird mar is cuí a thabhairt aige ar na baill den Choiste óna dtagann an chonspóid.

16. AN REIFREANN

A. Beidh reifreann ar gach ball den Chomhaltas ina ardúdarás maidir le gach ábhar a bhaineann le rialtas an Chomhaltais.

B. Féadfar reifreann a ghairm maidir le nithe a bhaineann le beartas an Chomhaltais agus an Bunreacht de réir mar a éireoidh siad.

19. REVOCATION

All previous constitutions are hereby revoked. However, elections adopted under the previous Constitution are not invalidated or made inoperable as a result of this revocation until subsequent annual elections are held.

20. IMPLEMENTATION

This Constitution and any amendments thereto shall come into force thirty days after being approved by referendum of the members of the Union.

C. Déanfar reifreann den chineál sin nach mó ná trí seachtaine agus nach lú ná dhá sheachtain tar éis an lae ar ar gaireadh é.

D. Measfar gur ritheadh aon reifreann faoin alt seo sa chás go mbeidh tromlach de na vótaí a caitheadh ag an reifreann caite i bhfabhar an togra.

E. Ní fhéadfaidh ach an Coiste Feidhmiúcháin nó Comhairle Chomhaltas na Mac Léinn, le córam, leasuithe a mholadh don Bhunreacht.

F. Chun reifreann a fhoréileamh, ní mór síniú 500 ball a chur le foclaíocht mholta an reifrinn agus í a chur faoi bhráid an Bhainisteora Ghinearálta.

17. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA

A. Rithfear gníomhaíochtaí tráchtála an Chomhaltais de réir fhorálacha an Bhunreachta seo agus beidh siad faoi stiúir bhord stiúrthóirí Sheirbhísí Tráchtála Chomhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh Teoranta.

B. Beidh an chuideachta i seilbh iomlán bhaill an Chomhaltais agus sealbhóidh Bord na nIontaobhaithe ar iontaobhas í.

C. Ceapfaidh Bord na nIontaobhaithe, mar chomhaltaí den Chuideachta, Bord Stiúrthóirí, a dhéanfaidh maoirsiú ar reáchtáil na Cuideachta.

D. Beidh ar oifigigh Choiste Feidhmiúcháin Chomhaltas na Mac Léinn éirí as a bpoist ar Bhord na Stiúrthóirí ag deireadh a dtéarmaí i seilbh oifige nó dhá mhí dhéag tar éis an post ar Bhord na Stiúrthóirí a ghlacadh. Beidh Uachtarán nuathofa Chomhaltas na Mac Léinn ina dhuine den lucht freastail gan cheart vótála ag cruinnithe de Bhord na Stiúrthóirí go dtí go gcuirfear tús lena théarma mar an tUachtarán.

E. Feidhmeoidh ball foirne sinsearach de chuid an Chomhaltais mar rúnaí gan ceart vótála don Bhord. Beidh sé freagrach as cruinnithe an Bhoird a eagrú agus as aon dualgas eile a fhéadfaidh an Bord a shocrú ó am go ham.

F. Beidh ar an mball foirne sinsearach de chuid na cuideachta tuairiscí a thabhairt don Bhord ar fheidhmíocht na nGníomhaíochtaí Tráchtála ag na cruinnithe sin.

18. GINEARÁLTA

A. Tá Comhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh comhcheangailte le hAontas na Mac Léinn in Éirinn.

B. Beidh dhá teanga oifigiúla chothroma ag an gComhaltas, .i. Gaeilge agus Béarla.

C. Cuirfear gach ábhar oifigiúil de chuid an Chomhaltais, cibé acu i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

19. CÚLGHAIRM

Déantar leis seo gach bunreacht roimhe seo a chúlghairm. Bíodh sin mar atá, níl toghcháin ar glacadh leo faoin mBunreacht roimhe seo déanta neamhbhailí ná do-oibrithe de dheasca na cúlghairme seo go dtí go ndéanfar an chéad toghchán bliantúil eile.

20. CUR I BHFEIDHM

Tiocfaidh an Bunreacht seo agus aon leasú air sin i bhfeidhm tríocha lá tar éis an lae a nglacfaidh baill an Chomhaltais leis trí reifreann.